C/2025/3473

16.7.2025

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún i bhfianaise an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile

Riail 46(3)(b)

(C/2025/3473)

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

Tá tráth na cinniúna buailte le buiséad fadtéarmach an Aontais

1. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach go mbeadh buiséad an Aontais níos dírithe, níos bunaithe ar bheartais, níos simplí agus níos solúbtha agus go mbeadh tionchar níos mó aige ná mar a leagtar amach sa Teachtaireacht 'An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile'. Is geal leis freisin gur seoladh comhairliúchán poiblí uile-Aontais i dtaca leis sin freisin.

2. Cuireann sé i bhfios go leagtar béim air in go leor tuarascálacha a eisíodh le déanaí (Letta, Draghi, Niinistö) go bhfuil **bearna ollmhór infheistíochta san Aontas, rud a chuireann isteach ar a chumas na mianta méadaitheacha atá aige a bhaint amach**, mar shampla, athléimneacht shibhialta agus aeráide, an tslándáil, an chosaint agus ullmhacht mhíleata, athbhunú an iomaíochais agus cur chun feidhme cuspóirí glasa. Meabhraíonn sé go dtuigeann na réigiúin agus na cathracha an ról tábhachtach atá acu maidir leis na spriocanna beartais atá ag AE iomaíoch a bhaint amach.

3. Dearbhaíonn sé nach mór cistiú nua a chur ar fáil do thosaíochtaí nua, ós rud é go bhfuil riachtanais an bheartais comhtháthaithe, arna maoiniú as na cláir Eorpacha atá ann faoi láthair, fós ann agus gur cheart tús áite a thabhairt dóibh, agus, dá bhrí sin, **iarrann sé ar an Aontas acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil dó féin** ionas gur féidir leis na cuspóirí nua an-tábhachtach atá aige a bhaint amach i gcomhthéacs dúshlánach geopholaitiúil, gan a thosaíochtaí seanbhunaithe agus a spriocanna na gConarthaí a chur i mbaol

4. Creideann CnaR gur cheart buiséad an Aontais a mhaoiniú, níos mó agus níos mó, le **foinsí nua maoinithe arna sainaithint sa Treochlár maidir le hAcmhainní Dílse** ([1]). Tathantaíonn sé ar an gComhairle teacht ar chomhaontú gan a thuilleadh moille maidir leis an bpacáiste tograí atá curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún.

5. Iarrann CnaR iarracht bhreise as an ngnách a dhéanamh chun an caiteachas poiblí san Aontas Eorpach a choigeartú. Ní mór do mhuintir na hEorpa a bheith in ann a fheiceáil go soiléir go bhfuil a n-acmhainní á mbainistiú ar shlí an-éifeachtúil agus go bhfuil na hinstitiúidí Eorpacha dian agus éifeachtúil. Dá bhrí sin, sula labhrófar go hoscailte ar acmhainní breise nua lena méadófar an t-ioncam, caithfidh na hinstitiúidí a léiriú a thíosaí agus atá siad.

CAI tar éis 2027 arna gceapadh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe straitéiseacha

6. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór **prionsabal na coimhdeachta gníomhaí a léiriú agus reachtóireacht níos fearr a chur san áireamh in CAI tar éis 2027**. Is é a bharúil gur cheart **cultúr nua muiníne** a chothú leis chun go n-aithneofar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe iontaofa fíor-riachtanacha maidir le clár oibre straitéiseach an Aontais a chur i gcrích i bhfianaise na tuisceana uathúla atá acu ar riachtanais infheistíochta áitiúla.

7. Dá bhrí sin, tá CnaR i gcoinne aon bheart díreach nó indíreach lena ndéanafaí lárú laistigh den bheartas comhtháthaithe agus tá sé réidh chun aon mhodh dlíthiúil a fhiosrú, go háirithe mar a fhoráiltear faoi Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus faoi Airteagal 263 CFAE, chun bac a chur ar aon iarracht a dhéanfaí sa treo sin. Molann CnaR go mbunófaí níos mó ráthaíochtaí dlíthiúla sa chreat tar éis 2027 chun dílárú níos fearr agus rannpháirtíocht chuimsitheach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróisis chinnteoireachta a áirithiú. Ar an mbonn sin, tacaíonn sé le gealltanas poiblí an Choimisiúin nach mór tosaíochtaí an Aontais a chinneadh agus a chur i gcrích in éineacht leis na Ballstáit agus na réigiúin a bhfuil infheistíochtaí á múnlú acu ar an láthair. Is gá, go háirithe, an plean náisiúnta aonair sin a chaibidil idir an Coimisiún, an Ballstát agus an réigiún. Léiríonn an taithí a fuarthas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go bhfágann an phleanáil láir go gcuirtear le dolúbthacht na rialacha dearaidh, go leagtar amach spriocanna nach mbíonn aon bhaint acu le riachtanais na réigiún agus go mbíonn sé dodhéanta acmhainní a aistriú ó réimsí gníomhaíochta nach bhfuil ag teastáil go réimsí rathúla eile.

([1]) Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

8. Cuireann CnaR i bhfáth nach féidir **prionsabal na comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm go hiomlán** mura gcuirfear chun feidhme é ar bhonn comhuaineach tríthoiseach. Is éard atá i gceist leis sin ná go gcuirfí chun feidhme é ar leibhéal cothrománach (agus páirt ag comhpháirtithe ábhartha uile an chláir ann, lena n-áirítear gníomhaithe na sochaí sibhialta agus gníomhaithe socheacnamaíocha), ar leibhéal ingearach (trí rialachas il-leibhéil dáiríre trína n-áirithítear go bhfuil páirt ag gach leibhéal rialtais ann, go háirithe na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha) agus ar leibhéal críochach (trí chomhordú comhleanúnach agus sineirgí idir cláir uile an Aontais atá ag feidhmiú sa limistéar geografach céanna, agus go seachnófaí an smaointeoireacht neamhchomhtháite agus go neartófaí an fhorbairt chríochach chomhtháite.

9. Má bhraitear ar an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais nó ar phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh **mar shásraí stiúrtha chun tosaíochtaí an Aontais a nascadh le buiséad an Aontais**, is cúis bhuartha do CnaR go bhféadfaí an bonn a bhaint den úinéireacht áitiúil agus, dá dhroim sin, de cháilíocht an chur chun feidhme. Iarrann sé an athuair an méid a d'iarr sé cheana féin i dtuairimí eile roimhe seo, is é sin cód iompair chun páirt a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa Seimeastar Eorpach. Ba cheart an Seimeastar Eorpach a dhéanamh níos trédhearcaí, níos cuimsithí agus níos daonlathaí trí na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a rannpháirtiú ann.

10. Dearbhaíonn CnaR athuair an seasamh atá aige, mar a sainíodh i dtuairimí eile ó CnaR roimhe seo ([2]), gur uirlis cheangailteach straitéiseach ba cheart a bheith sa **Chomhshocrú Comhpháirtíochta Eorpach** lena bhféadfaí prionsabal na comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus sineirgí a chruthú idir beartais an Aontais agus gníomhaíocht airgeadais an Aontais.

11. **Iarrann CnaR ar an gCoimisiún róil shonracha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a aithint go sainráite**, a bhfuil níos mó i gceist leo ná róil an ghnáth-gheallsealbhóra nó thairbhithe chistí an Aontais amháin. Iarrann sé freisin go n-athnófaidh an Coimisiún an comhar críochach Eorpach mar thosaíocht agus mar barrshamhail ar an mbreisluach Eorpach agus go ndéanfaí é a neartú sa chéad CAI eile ([3]). Mura ndéanfar amhlaidh, cuirfear isteach ar chumais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach rannchuidiú go héifeachtach le cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste geografach agus eacnamaíoch agus ina bhfuil meath déimeagrafach ag tarlú, is minic nach mbíonn na hacmhainní agus/nó an cumas riaracháin acu chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme.

12. Tá CnaR den tuairim nach mór na húdaráis inniúla áitiúla agus réigiúnacha a aithint go sainráite sa Rialachán Airgeadais agus a bheith rannpháirteach go córasach i gclárasceidealú, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán chistí uile an Aontais a bhfuil gné chríochach ag baint leo, lena n-áirítear na cistí sin atá faoi bhainistíocht dhíreach ([4]).

13. Tá CnaR teann air gurb é an rud is tábhachtaí **sásraí deartha agus cur chun feidhme na gclár airgeadais ilbhliantúil éagsúil atá leabaithe in CAI**. Áitíonn CnaR nár cheart líon na gclár a bheidh faoi chineálacha difriúla bainistíochta a chinneadh go mínádúrtha roimh ré ach gur cheart an cheist a láimhseáil de réir an chomhthéacs beartais iomchuí agus an leibhéil chríochaigh ab fheiliúnaí, agus iomadú clár agus tionscnamh buiséadach á sheachaint ag an am céanna.

14. Aontaíonn CnaR **gur gá cláir a chomhdhlúthú, ar choinníoll** go laghdóidh sé sin forluí agus go rannchuideoidh sé le simpliú ceart, lena n-áirítear i ndáil le ceanglais tuairiscithe, bunaithe ar riachtanais agus ar acmhainneachtaí na dtairbhithe.

15. Measann CnaR gur chóir, faoin gcéad leagan eile de CAI, **comhcheangal, comhordú agus comhlántacht clár ilbhliantúil agus sineirgí idir beartais réigiúnacha, náisiúnta agus AE agus foinsí cistiúcháin a éascú** d'fhonn tionchar foriomlán agus comhleanúnachas thacaíocht airgeadais an Aontais a fheabhsú.

16. Cuireann CnaR chun suntais nár cheart do CAI tacú le tionscadail ná le bearta a thagann salach ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais ná ar a spriocanna polaitiúla fadtéarmacha, mar shampla an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus iarrann sé go mbeadh coimircí láidre ann chun an comhleanúnachas a áirithiú sna hionstraimí cistiúcháin uile.

([2]) Tuairim COTER-VII/030, *Todhchaí an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027*.Rapóirtéirí: Emil Boc (RO/PPE) agus Vasco Alves Cordeiro (PT/PSE). Arna glacadh an 29 Samhain 2023 (IO C, C/2024/1041, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1041/oj) agus COTER-VII/41 Buiséad an Aontais agus beartais áitbhunaithe: tograí le haghaidh sásraí nua deartha agus seachadta in CAI tar éis 2027.Rapóirtéir: Marie-Antoinette Maupertuis (FR/EA). Arna glacadh ag an seisiún iomlánach an 19 Samhain 2024 (IO C, C/2025/279, 24.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/279/oj).

([3]) Féach pointe 52 de Tuairim COTER-VII/040 (IO C, C/2025/285, 24.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/285/oj).

([4]) Tuairim COTER-VII/041, *Buiséad an Aontais agus beartais áitbhunaithe: tograí le haghaidh sásraí nua deartha agus seachadta in CAI tar éis 2027*.Rapóirtéir: Marie-Antoinette Maupertuis (FR/EA). Arna glacadh ag an seisiún iomlánach an 19 Samhain 2024 (IO C, C/2025/279, 24.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/279/oj).

17. Creideann CnaR go bhféadfadh comhchuibhiú rialacha ar fud na gcistí **faoi chreat aonair a bheith tairbhiúil gan beann ar líon na gcistí, ar choinníoll nach ndéanfadh comhchuibhiú den sórt sin dochar do rialachas il-leibhéil an bheartais chomhtháthaithe a bheidh ann amach anseo**.

18. Cuireann sé i bhfios, agus **cur chuige níos forbartha atá dírithe ar thorthaí á chur chun feidhme faoin gcéad leagan eile de CAI**, go bhfuil gá le cinnteoireacht pholaitiúil láidir fhianaisebhunaithe atá dírithe ar thionchar, agus ina theannta sin, feabhas a chur ar bhailiú, anailís agus meastóireacht sonraí ar an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach más uainn a áirithiú go léireofar an éagsúlacht chríochach i spriocanna infheistíochta agus i dtáscairí meastóireachta agus go mbeidh an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach agus cur chun cinn éiceachóras nuálaíochta atá dinimiciúil agus áitbhunaithe curtha san áireamh sa chlársceidealú. Cuireann sé chun suntais nár cheart an milleán a chur ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha má theipeann orthu na spriocanna náisiúnta a bhaint amach, go háirithe i gcás nach bhfuil na hinniúlachtaí, na hacmhainní ná na cumhachtaí cinnteoireachta is gá acu chun tionchar a imirt ar na torthaí.

19. Dar le CnaR, níor cheart é a bheith mar phríomhchuspóir **dlús a chur le feidhmiú airgeadais bhuiséad an Aontais**. Is oth leis go bhfuil méadú géar tagtha ar líon na gclár airgeadais ilbhliantúil faoi CAI 2021-2027 atá neodrach ó thaobh na réigiún de agus atá á mbainistiú go lárnach. Leagann sé béim ar an bhfíoras, agus deireadh ag teacht leis na clárthréimhsí, nach bhfuil aon difríocht shuntasach idir cur chun feidhme an bhuiséid idir cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte agus cistí faoi bhainistíocht dhíreach in ainneoin go bhfuil amlíne éagsúil ag cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte.

20. Measann CnaR, faoin gcéad leagan eile de CAI, gur cheart measúnú a dhéanamh agus a aithint cé **na modhanna agus na dreasachtaí cuí le caipiteal príobháideach a mhealladh, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chothú agus comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a spreagadh ionas gur féidir cistiú AE a úsáid chun na cuspóirí beartais a bhaint amach**. Iarrann sé ar an gCoimisiún measúnú uileghabhálach a thíolacadh ar na cineálacha éagsúla sásraí cumaisc a cuireadh chun feidhme go dtí seo agus a n-inrochtaineacht agus a dtionchar ar gach cineál údaráis áitiúil agus réigiúnach á gcur san áireamh go háirithe.

CAI nua bunaithe ar phrionsabail thrasearnálacha a chuireann san áireamh a bhfuil ag titim amach ar an leibhéal áitiúil

21. Is díol sásaimh do CnaR **príomhshruthúthú prionsabal trasearnálacha (an aeráid, an bhithéagsúlacht, cúrsaí inscne, na SDGanna) i ngach ciste** faoi CAI 2021-2027 ach creideann sé gur féidir tionchar na bprionsabal sin ar limistéir gheografacha éagsúla a mheas ar dhóigh níos fearr. Tá sé ag iarraidh go leanfaí den phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm agus go dtabharfaí isteach bearta soiléire chun cleachtais ghlas-snasaithe a bhrath agus a chosc i gcur chun feidhme chláir chistiúcháin an Aontais.

22. Cuireann sé in iúl gur cuspóir bunúsach de chuid an Aontais é an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, de réir Airteagal 3 CAE. Cuireann sé i bhfios, bíodh is gur chuir an Coimisiún an prionsabal '**gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú**' chun tosaigh sa díospóireacht phoiblí, gur theip air go dtí seo é a chur i bhfeidhm i gceart. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún agus cláir chistiúcháin ilbhliantúla tar éis 2027 á gceapadh agus á gcur chun feidhme aige leas a bhaint as measúnuithe tionchair chríochaigh agus as cur chuige 'promhadh leas na tuaithe' ar bhonn córasach, agus prionsabail trasearnála ar nós ghné na n-inscní agus an neamh-idirdhealaithe a phríomhshruthú sna cláir sin.

23. Tacaíonn CnaR le barúil an Choimisiúin nár cheart oiread agus euro amháin a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí nach gcoimircíonn **prionsabail an smachta reachta nó nach ráthaíonn cosaint leasanna airgeadais an Aontais**. Áitíonn sé gur cheart an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ([5])) a chur chun feidhme go docht agus, go háirithe, forálacha Airteagal 5(2) de, lena gceanglaítear ar údaráis na mBallstát leanúint de na cláir a ndéanann fionraí ar chistiú ón Aontas difear dóibh a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, na tairbhithe deiridh a chosaint ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Áitíonn CnaR ina leith sin gurb ionann cosaint phrionsabail an smachta reachta agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais, rud a chiallaíonn gur fearr na ráthaíochtaí a thugtar go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais nuair is airde na caighdeáin dhaonlathacha atá ag na Ballstáit.

Solúbthacht CAI tar éis 2027

24. Cuireann CnaR in iúl go n-aontaíonn sé le measúnú foriomlán an Choimisiúin **gur gá do bhuiséad an Aontais a bheith níos solúbtha chun gur féidir freagairt** go gasta d'imeachtaí gan choinne agus do thosaíochtaí polaitiúla a bhíonn de shíor ag athrú. Cuireann sé chun suntais, áfach, go gcaithfidh trédhearcacht agus cuntasacht a bheith ann maille leis an tsolúbthacht bhreise, agus go gcaithfear ról a thabhairt do na húdarás áitiúla agus réigiúnacha go luath sa phróiseas lena áirithiú go mbeidh na bearta freagartha cothrom ó thaobh na réigiún de.

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

25. Tá sé den tuairim freisin nach mór, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí solúbthachta comhtháite atá i bhfeidhm faoi láthair faoin Rialachán maidir le CAI féin agus faoi gach cláir ilbhliantúil.

26. Molann CnaR, dá bhrí sin, **ciste éigeandála níos mó agus cúlchiste méadaithe solúbthachta ginearálta a bheith ina gcuid den Rialachán maidir le CAI** ón tús ar fad ionas gur féidir freagairt do shuaití gan choinne agus do dhúshláin eile a thagann chun cinn. Cuireann sé chun suntais sa chomhthéacs sin go gcaithfear an beartas comhtháthaithe a dhíriú i gcónaí ar na cuspóirí forbartha fadtéarmacha atá leis agus nach ceadmhach é a úsáid mar ionstraim bainistithe géarchéime.

27. Ar an dóigh sin, agus sinn ag freagairt ar shuaití gan choinne agus ar dhúshláin nua, ní bheadh aon gá le **beartais agus cistí atá ann cheana amhail an Beartas Comhtháthaithe agus CBT a úsáid mar athróg coigeartaithe, mar atá faoi láthair**. Fágann sé sin go bhfuil sé níos deacra cuspóirí na gcistí sin a leagtar amach sna Conarthaí a bhaint amach agus go mbaintear an bonn den chobhsaíocht rialála, rud a dhéanann dochar do na húdaráis bhainistíochta agus do na tairbhithe.

28. Measann sé, agus an comhthéacs geopholaitiúil á chur san áireamh, gur gá cothromaíocht nua a aimsiú idir **solúbthacht agus cobhsaíocht laistigh de CAI**. Tá sé i bhfách le réitigh nuálacha, ar choinníoll go gcaomhnaítear cláir lena dtacaítear le hinfheistíochtaí agus cuspóirí fadtéarmacha agus nach bhfuil siad faoi réir athruithe reachtacha leantacha agus athrú cuspóra.

Todhchaí inbhuanaithe a chruthú le chéile: an comhtháthú le haghaidh Eoraip iomaíoch agus chuimsitheach ([6])

29. Ba mhian le CnaR go leanfadh **an beartas comhtháthaithe de bheith ina cholún bunúsach de shamhail an Aontais maidir leis an bhfás** agus den phríomhbheartas infheistíochta dílárithe fadtéarmach do na réigiúin uile faoi chuimsiú CAI tar éis 2027 agus go mbeadh ar a laghad leithdháileadh airgeadais níos airde aige i dtéarmaí réadacha ná mar atá amhlaidh faoi CAI 2021-2027. Cuireann sé i bhfáth go raibh tosaíochtaí an bheartais comhtháthaithe i gcomhréir i gcónaí le tosaíochtaí foriomlána an Aontais. Luann sé an athuair na moltaí a rinne sé roimhe seo, mar atá, go ndéanfaí athchóiriú cuimsitheach ar an mbeartas comhtháthaithe d'fhonn cur leis an ngné réamhbhreathnaitheach de gan amhras a chaitheamh ar na croíphrionsabail lena mbaineann. Tugann sé le fios go bhfuil cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe ag brath ar chreat feidhmíochta an-sofaisticiúil agus creideann sé go bhféadfaí an cur chuige feidhmíocht-bhunaithe, ar cur chuige é atá dírithe ar an nuálaíocht shochaíoch agus an dul chun cinn inbhuanaithe a chothú, a neartú a thuilleadh chun go mbeadh an beartas ní b'ábhartha agus ní b'éifeachtaí, agus tionchar ní ba mhó aige, tríd an ngné chríochach de a áirithiú san am céanna le béim bhreise a dhíriú ar thorthaí[6]. [6] Tuairim COTER-VII/40 ([7]).

30. Tugann CnaR chun suntais gur ghlac gníomhaithe móra domhanda eile **beartais áitbhunaithe mhórscála le déanaí chun a dtionscail a threisiú**. Creideann sé gur cheart don Choimisiún cur leis na tionscnaimh is déanaí ó ECFE amhail *Beartais áitbhunaithe don todhchaí* agus an *Moladh ó ECFE maidir le hinfheistíocht phoiblí éifeachtach ar leibhéil éagsúla rialtais* ([8]) d'fhonn treoirlínte AE maidir le hinfheistíocht phoiblí éifeachtach ar leibhéil éagsúla rialtais a chur ar fáil, dílárú éifeachtach a chur i ngníomh agus treoirlínte maidir le cistiú éifeachtach áitbhunaithe a sheasfaidh an aimsir a cheapadh.

31. Tá CnaR den tuairim gur gá CAI agus ionstraimí cistiúcháin an chomhbheartais a dhíriú ar na réimsí sin inar féidir ardleibhéal breisluacha Eorpaigh a chruthú. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn sé go bhfuil tábhacht ar leith le cláir um chomhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach chun breisluach Eorpach a chruthú.

32. Cuireann CnaR i bhfáth gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun **éiceachórais áitbhunaithe taighde agus nuálaíochta a fhorbairt** chun tacú le réiteach na n-éagothromaíochtaí nuálaíochta agus chun an deighilt nuálaíochta a dhúnadh laistigh den Eoraip féin, idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, idir an tAontas agus an tSín agus idir an tAontas agus réigiúin eile atá ag teacht chun cinn. Leagann sé béim ar an ngá atá le cur chuige atá éagsúil de réir riachtanais gach réigiúin ar leith, agus tacaíocht bharrfeabhais agus tacaíocht struchtúrach á tabhairt. Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé an nós imeachta iomaíoch cruthaithe atá bunaithe ar phrionsabal an bharrfeabhais a choinneáil. Tugann sé chun suntais gur gá do bhuiséad fadtéarmach an Aontais infheistíocht a dhéanamh i gcláir chliste arb é is aidhm dóibh tacú le geilleagair rathúla áitiúla agus réigiúnacha a chruthú, bunaithe ar shlabhraí luacha idir-réigiúnacha agus éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha atá níos láidre. I dtaca leis sin de, cuireann sé i bhfios i gcás straitéisí um speisialtóireacht chliste (S3-S4) gur spreagadh cumhachtach barr feabhais iad le haghaidh éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla agus gur cheart clársceidealú straitéiseach le haghaidh taighde T&N san Eoraip a bheith idirnasctha ar dhóigh níos éifeachtaí le straitéisí den sórt sin.

([6]) Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/c6e97287-cee3-11ee-b9d9-01aa75ed71a1/language-en.

([7]) Tuairim COTER-VII/40,*Beartas comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágfaidh aon duine ar lár*, comhrapóirtéirí: Emil Boc (RO/PPE) agus Vasco Alves Cordeiro (PT/PSE).Arna glacadh an 20 Samhain 2024.

([8]) https://legalinstruments.oecd.org/en/instruments/OECD-LEGAL-0402.

33. Meabhraíonn CnaR go bhfuil gá leanúnach le hionstraimí láidre uaillmhianacha de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Aeráide Sóisialta, LIFE agus cláir cúnaimh réamhaontachais, a áireamh mar chuid de CAI atá dírithe ar an todhchaí le go bhféadfar leanúint den dul chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 – agus a áirithiú freisin go bhfaighidh gach saoránach, gnó agus réigiún cúnamh leormhaith agus iad i mbun an aistrithe.

34. Thairis sin, leagann sé béim ar an ról lárnach atá ag T&N maidir le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú, mar a léiríodh arís is arís eile leis na Cláir Réime um T&N le daichead bliain anuas. **Tá CnaR ag iarraidh go mbeadh clár aonair FP10 ann ina mbeadh buiséad breise agus tacaíocht neartaithe d'éiceachórais réigiúnacha** agus go dtabharfaí tús áite do thabhairt chun críche an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar mhoil LET, trí shaorghluaiseacht taighdeoirí agus trí rannpháirtíocht struchtúrtha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i rialachas LET, go háirithe i bhFóram LET. Molann sé nuálaíocht agus comhar trasteorann a chur chun cinn agus prionsabal na speisialtóireachta cliste (S3) agus a shineirgí le cistí eile de chuid an Aontais a chosaint ag an am céanna.

35. Tacaíonn CnaR leis an nglao ó Pharlaimint na hEorpa ([9]) chun feabhas suntasach a chur ar na misin Eorpacha, leithéidí an Mhisin um Chathracha Aeráid-neodracha Cliste. Cuireann sé i bhfáth nach leordhóthanach an bhéim a leagtar sa chur chuige reatha ar smaointe T&N ceannródaíocha ón mbun aníos a chothú agus gur na misin Eorpacha a athrú le go spreagfaidh siad cruthaíocht, tástáil, agus taighde nua a théann i ngleic go díreach le dúshláin shochaíocha a bhfuil práinn leo. Tarraingíonn sé aird ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach má tá rath le bheith ar na misin Eorpacha, i bhfianaise an róil atá acu maidir le réitigh áitbhunaithe a chur chun feidhme agus teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí áitiúla. Cuireann sé i bhfáth gur gá díriú ar thorthaí praiticiúla intomhaiste, ós rud é gur féidir leis na tionscnaimh sin a bheith ina gcúis mhór le claochlú sistéamach agus iomaíochas domhanda an Aontais a neartú san am céanna.

36. Maidir le Ciste Eorpach um Iomaíochas a chruthú mar ghné bhunriachtanach den chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais Eorpaigh, iarrann CnaR go n-áireofaí na réigiúin i ndearadh agus i mbainistiú an Chiste sin, ós rud é gurb iad na húdaráis réigiúnacha is fearr atá in ann tionscadail a threorú agus go bhfuil acmhainneacht mhór iontu tionscadail a bhrú chun cinn agus breisluach a chruthú.

37. Tugann CnaR le fios go bhfuil gach réigiún san Aontas ag dul faoi '**aistriú triarach**' (an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú déimeagrafach). Creideann sé nach foláir an chéad leagan eile de CAI a bhunú ar **straitéis chomhtháite agus iomlánaíoch um aistriú cóir** a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí sonracha gach réigiúin agus cistiú leordhóthanach a bheith ag gabháil léi. Leagann sé béim ar thionchar neamhshiméadrach na n-aistrithe sin ar an leibhéal fonáisiúnta agus tá sé ag iarraidh go gcuirfí tacaíocht shaincheaptha bhreise ar fáil, go háirithe sna réigiúin agus sna cathracha sin atá ag brath ar thionscail atá dian ar fhuinneamh, e.g. earnáil na ngluaisteán, agus i réigiúin eile atá thíos le dúshláin shuntasacha na n-aistrithe. Cuireann sé i bhfáth gur gá acmhainní leordhóthanacha um chur chun feidhme ar an láthair a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

38. Tá CnaR suite de gur féidir le buiséad an Aontais breisluach a chruthú chun gur féidir leas a bhaint as acmhainneacht iomlán ghnó agus tairbhí an aistrithe ghlain don mhargadh fostaíochta trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail **forbairt scileanna (athsciliú agus uas-sciliú spriocdhírithe), an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus poist ardcháilíochta**. Cuireann sé i bhfáth go bhfuil réigiúin áirithe san Aontas thíos le dúshláin dhéimeagrafacha, amhail lucht saothair atá ag dul in aois, imirce daoine oilte agus meath an daonra agus tacaíonn sé leis an moladh maidir leis'**an tsaoirse chun fanacht**' i dtuarascáil Letta chun infheistíocht mhéadaithe i seirbhísí poiblí a spreagadh chun tacú le folláine an uile dhuine.

39. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach aitheantas a thabhairt do na heasnaimh i bpleananna náisiúnta faoin g**Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)**, arb iad is cúis leis an laghdú ar an bhfócas réigiúnach, ar an inoiriúnaitheacht do dhifríochtaí críochacha, sin agus ar an tsolúbthacht chun freagairt do ghéarchéimeanna agus d'imeachtaí gan choinne. Áitíonn sé gur cheart CBT díláraithe inbhuanaithe a bheith ann tar éis 2027 a bheidh dírithe ar fheirmeoirí agus a bheidh bunaithe ar straitéisí réigiúnacha maidir le slándáil bia agus forbairt tuaithe (agus coinníollachtaí éifeachtacha glasa agus sóisialta san áireamh) agus, ag an am céanna, lena gceadófar do na táirgeoirí uile luach saothair cothrom a fháil as a gcuid oibre. Iarrann sé go gcoinneofaí an nasc idir an chéad cholún agus an dara colún de CBT chun comhsheasmhacht fhoriomlán a áirithiú.

40. Dearbhaíonn CnaR an athuair gur cheart seasamh le prionsabail an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le **tearmann, imirce, lánpháirtiú agus slándáil inmheánach**. Is é a bharúil gur chóir cur leis na hacmhainní chun teorainneacha seachtracha agus réigiúin teorann an Aontais a dhéanamh níos sláine agus ba mhian leis go mbeadh ról ní ba mhó ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa **Chiste um Thearmann, Imirce agus**

([9]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2025 maidir leis an measúnú ar chur chun feidhme Fís Eorpach i bhfianaise na meastóireachta eatramhaí uirthi agus na moltaí don 10ú Clár Réime um Thaighde (2024/2109(INI)).

Lánpháirtíocht (AMIF), rud is ceart a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an imirce agus chun tacú le comhtháthú náisiúnach tríú tír le hiarrachtaí éifeachtacha atá saincheaptha do riachtanais áitiúla, lena n-áirítear freagairtí ar ghéarchéimeanna nuair is gá. Iarrann sé go rachfaí i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí na Saoráide Téamaí á mbunú, go háirithe na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí sin atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach, agus go bhféachfaí le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun náisiúnaigh tríú tíortha a lánpháirtiú.

41. Cuireann CnaR chun suntais a ríthábhachtaí atá cúnamh airgeadais an Aontais do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha **sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha** chun a n-acmhainneachtaí riaracháin a uasghrádú agus, ar bhonn níos ginearálta, ionstraimí lena dtacaítear le **comhar díláraithe** i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

42. Iarrann CnaR nach mór an beartas comhtháthaithe, agus é ina chuid lárnach de CAI, a bheith fréamhaithe go daingean i gcur chuige rialachais il-leibhéil áitbhunaithe, agus é fothaithe ar phrionsabail na bainistíochta comhroinnte agus na comhpháirtíochta. Cé go dtacaímid le hiarrachtaí an Choimisiúin an rannpháirtíocht réigiúnach a neartú trí phleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha, ní mór dúinn ceachtanna a fhoghlaim ó easnaimh a bhí in ionstraimí eile le déanaí – mar shampla an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit – agus gan na húdaráis réigiúnacha san áireamh den chuid is mó. Tá sé ríthábhachtach an rannpháirtíocht réigiúnach a áirithiú chun feabhas a chur ar an úinéireacht, an éifeachtacht agus an tionchar críochach.

Comhghuaillíochtaí a fhorbairt le hinstitiúidí atá ar aon intinn linn agus próiseas cinnteoireachta trédhearcach a iarraidh

43. Iarrann CnaR ar an gComhairle Eorpach agus ar na foirmíochtaí éagsúla den Comhairle dul i mbun idirphlé struchtúrtha trédhearcach leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha roimh an gcéad chaibidlíocht eile maidir le CAI. Iarrann sé orthu freisin leas iomlán a bhaint as Coiste Eorpach na Réigiún mar institiúid ionadaíoch na n-údarás fonáisiúnta agus mar éascaitheoir an rialachais il-leibhéil.

44. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach ar cheann de bhunchlocha na lánpháirtíochta Eorpaí agus gur cheart, dá bhrí sin, an aird chéanna a thabhairt air agus atá á tabhairt air faoi láthair agus solúbthacht leordhóthanach a bheith ann maidir lena chur chun feidhme.

45. Tá CnaR tiomanta tacú le comhar feabhsaithe le Parlaimint na hEorpa agus í ag féachaint i gcónaí leis an gcaibidlíocht a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos cuimsithí.

46. Tarraingíonn sé aird ar ghlao comhpháirteach na Comhghuaillíochta um Chomhtháthú (#CohesionAlliance) ó mhí an Mhárta 2024 maidir le beartas comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágfaidh aon duine ar lár. Iarrann sé ar an bpobal i gcoitinne, ar cheardchumainn, ar ghnólachtaí agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta é a shíniú chun CAI tar éis 2027 nach bhfágfaidh aon duine ar lár a dhaingniú go comhpháirteach ([10]).

47. Iarrann CnaR ar a Uachtarán an Rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Polainne agus Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais agus chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ

([10]) https://dyn.cor.europa.eu/cohesionalliancejointcall/.